Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2025**
**(OR. es)**

**9257/25**
**ADD 4**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0408(COD)**

**JUSTCIV 101**
**ECOFIN 585**
**COMPET 405**
**JAI 652**
**CODEC 656**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú<br>- Cur chuige ginearálta<br>- Ráiteas ón Spáinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas ón Spáinn le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**An Treoir Dócmhainneachta**

Measann an Spáinn go bhfuil sé tábhachtach dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcreat dócmhainneachta dlíthiúla chun ár gcuideachtaí a dhéanamh níos iomaíche. Is oth linn, áfach, go dtugtar isteach arís leis an téacs coincheap dlíthiúil choiste na gcreidiúnaithe, a aisghaireadh i bhfad ó shin mar gheall ar a neamhéifeachtúlacht agus a chostais arda. Cosúil le Ballstáit eile, tá sásraí cosanta creidiúnaithe eile againn atá níos éifeachtúla agus a fheidhmíonn go han-mhaith.

Níl téacs Theideal IV den sásra réamhphaca uaillmhianach go leor; ba cheart dúinn dul níos faide leis na sásraí chun cosaint a thabhairt ar mhí-úsáidí a dhéantar i gcalaois creidiúnaithe. Tá gá le níos mó uaillmhéine freisin sna sásraí lena gceadaítear leanúnachas i ngníomhaíocht an aonaid tháirgiúil, chun an creatlach ghnó a choinneáil oibríochtúil.